



AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA

AN CHOMHAIRLE

An Bhruiséil, 25 Eanáir 2017
(OR. en)

2016/0029 (COD)

PE-CONS 54/16

STIS 8
TEXT 3
WTO 353
CODEC 1853

GNÍOMHARTHA REACTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/936 maidir le rialacha comhchoiteanna i dtaca le hallmhairiú táirgí teicstíle ó thríú tíortha áirithe nach dtagann faoi chomhaontuithe déthaobhacha, prótacail ná comhshocraíochtaí eile, ná faoi rialacha sonracha eile an Aontais i dtaca le hallmhairiú

RIALACHÁN (AE) 2017/...
Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an

lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/936

**maidir le rialacha comhchoiteanna i dtaca le hallmhairiú táirgí teicstíle ó thríú tíortha áirithe
nach dtagann faoi chomhaontuithe déthaobhacha, prótacail ná comhshocraíochtaí eile,
ná faoi rialacha sonracha eile an Aontais i dtaca le hallmhairiú**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2)
de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach¹,

¹ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Eanáir 2017 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)
agus cinneadh ón gComhairle an ...

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2015/936 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ leagtar síos na rialacha comhchoiteanna i dtaca le hallmhairiú táirgí teicstíle ó thríú tíortha áirithe nach dtagann faoi chomhaontuithe déthaobhacha, prótacail ná comhshocraíochtaí eile, ná faoi rialacha sonracha eile an Aontais i dtaca le hallmhairiú.
- (2) Céim thábhachtach a bhí i scaoileadh príosúnach polaitaíochta i bPoblacht na Bealarúise ar an 22 Lúnasa 2015 agus in éineacht le roinnt mhaith tionscnamh dearfach a rinne Poblacht na Bealarúise le dhá bhliain anuas, amhail atosú an Idirphlé maidir le Cearta an Duine idir an tAontas Eorpach agus an Bhealarúis, chuidigh an méid sin le feabhas a chur ar an gcaidreamh idir an tAontas agus Poblacht na Bealarúise.
- (3) Ba cheart don chaidreamh idir an tAontas agus an Bhealarúis a bheith bunaithe ar luachanna comhchoiteanna, go háirithe maidir le cearta an duine, leis an daonlathas agus leis an smacht reachta agus ba cheart a mheabhrú gur cúis inní don Aontas i gcónaí é staid chearta an duine i bPoblacht na Bealarúise, go háirithe i dtaca le saincheisteanna amhail pionós an bháis ba cheart a chur ar ceal.

¹ Rialachán (AE) 2015/936 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2015 maidir le rialacha comhchoiteanna i dtaca le hallmhairiú táirgí teicstíle ó thríú tíortha áirithe nach dtagann faoi chomhaontuithe déthaobhacha, prótacail ná comhshocraíochtaí eile, ná faoi rialacha sonracha eile an Aontais i dtaca le hallmhairiú (IO L 160, 25.6.2015, lch. 1).

- (4) Ba cheart na forbairtí dearfacha polaitíochta sin idir an tAontas agus Poblacht na Bealarúise a aithint agus tuilleadh feabhais a chur ar an gcaidreamh déthaobhach. Dá réir sin, ba cheart leis an rialachán seo na cuótaí uathrialacha ar allmhairiú táirgí teicstíle agus éadaí de thionscnamh Phoblacht na Bealarúise, dá bhforáiltear in Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/936 a aisghairm, gan dochar do chumas an Aontais dul i muinín cuótaí amach anseo dá dtiocfadh meath tromchúiseach ar staid chearta an duine i bPoblacht na Bealarúise.
- (5) De bhrí gur cuireadh deireadh le cuótaí uathrialacha ar allmhairiú táirgí teicstíle agus táirgí éadaí de thionscnamh Phoblacht na Bealarúise, níl na cuótaí ar trácht próiseála amach riachtanach a thuilleadh. Mar thoradh air sin, ba cheart Airteagal 4(2) agus Caibidil V de Rialachán (AE) 2015/936, chomh maith le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, a scriosadh. Ba cheart Airteagal 31 den Rialachán sin maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a leasú dá réir sin freisin. I bhfianaise úsáid theoranta a bhaintear as cuótaí uathrialacha agus cuótaí próiseála amach ar allmhairiú táirgí teicstíle agus táirgí éadaí de thionscnamh Phoblacht na Bealarúise, is beag tionchar a bheadh ar thrádáil an Aontais dá gcuirfí deireadh leis na cuótaí sin.

- (6) Ionas go bhféadfar cóid Ainmníochta Comhcheangailte earráideacha a cheartú i gcatagóirí 12, 13, 18, 68, 78, 83 (Grúpa II B), 67, 70, 94, 96 (Grúpa III B) agus 161 (Grúpa V), ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/936 a leasú.
- (7) Ba cheart ainm oifigiúil Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré a úsáid in Iarscríbhinn II, in Iarscríbhinn III agus in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/936.
- (8) Ionas go bhféadfar nósanna imeachta riaracháin a éascú, ba cheart tréimhse bailíochta na n-údaruithe allmhairiúcháin a leagtar síos in Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2015/936 a fhadú ó shé mhí go naoi mí,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2015/936 mar seo a leanas:

- (1) Scriostar Airteagal 4(2).
- (2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 21(2):
 - '2. Naoi mí a bheidh i dtréimhse bailíochta na n-údaruithe allmhairiúcháin a eiseoidh údaráis inniúla na mBallstát. Féadfar an tréimhse bailíochta sin a athrú más gá, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 30(3).'
- (3) Scriostar Caibidil V.
- (4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 31(2) and (3):
 - '2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(3), Airteagal 5(2), Airteagal 12(3), Airteagal 13 agus Airteagal 35 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana ón 20 Feabhra 2014. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfheid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3(3), Airteagal 5(2), Airteagal 12(3), Airteagal 13, agus Airteagal 35 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.'

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 31(6):

'6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3(3) nó Airteagal 12(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú ceithre mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.'

(6) Leasaítear Roinn A d'Iarscríbhinn I i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo agus cuirtear téacsanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II, Iarscríbhinn III agus Iarscríbhinn IV.

(7) Scriostar Iarscríbhinn V.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa ...,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

IARSCRÍBHINN

Déantar Iarscríbhinní I, II, III, agus IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2015/936 a leasú mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn A d'Iarscríbhinn I:

A. TÁIRGÍ TEICSTÍLE DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1

1. Gan dochar do na rialacha maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte (AC), is ceart a mheas nach bhfuil ach luach táscach san fhoclaíocht atá in úsáid sa tuairisc ar na táirgí, toisc go ndéantar na táirgí a thagann faoi gach catagóir a chinneadh, laistigh den Iarscríbhinn seo, le cóid AC. I gcás ina bhfuil siombal 'ex' roimh chód AC, is é raon feidhme an chóid AC agus an tuairisc chomhfhreagrach a chinnfidh na táirgí atá cumhdaithe i ngach catagóir.
2. Baill éadaigh nach féidir a shainaithint an baill éadaigh d'fhir nó buachaillí iad nó an baill éadaigh do mhná nó cailíní iad, déanfar iad a aicmiú mar bhaill éadaigh do mhná nó cailíní.
3. I gcás ina ndéantar tagairt do 'bhaill éadaigh leanbán', úsáidtear é seo chun baill éadaigh a chumhdach suas go dtí an toise tráchtála 86, an méid sin san áireamh.

Catagóir	Tuairisc Cód AC 2016	Tábla comhghaoil	
		píosai/kg	g/píosa
GRÚPA I A			
1	Snáth cadáis, nach bhfuil cóirithe lena mhiondíol		
	52041100 52041900 52051100 52051200 52051300 52051400 52051510 52051590 52052100 52052200 52052300 52052400 52052600 52052700 52052800 52053100 52053200 52053300 52053400 52053500 52054100 52054200 52054300 52054400 52054600 52054700 52054800 52061100 52061200 52061300 52061400 52061500 52062100 52062200 52062300 52062400 52062500 52063100 52063200 52063300 52063400 52063500 52064100 52064200 52064300 52064400 52064500 ex56049090		
2	Fabraicí fite cadáis, seachas uige, fabraicí gibínigh, fabraicí fite caola, fabraicí caitíneacha, fabraicí chenille, fialsíoda agus fabraicí eangachúla eile		
	52081110 52081190 52081216 52081219 52081296 52081299 52081300 52081900 52082110 52082190 52082216 52082219 52082296 52082299 52082300 52082900 52083100 52083216 52083219 52083296 52083299 52083300 52083900 52084100 52084200 52084300 52084900 52085100 52085200 52085910 52085990 52091100 52091200 52091900 52092100 52092200 52092900 52093100 52093200 52093900 52094100 52094200 52094300 52094900 52095100 52095200 52095900 52101100 52101900 52102100 52102900 52103100 52103200 52103900 52104100 52104900 52105100 52105900 52111100 52111200 52111900 52112000 52113100 52113200 52113900 52114100 52114200 52114300 52114910 52114990 52115100 52115200 52115900 52121110 52121190 52121210 52121290 52121310 52121390 52121410 52121490 52121510 52121590 52122110 52122190 52122210 52122290 52122310 52122390 52122410 52122490 52122510 52122590 ex58110000 ex63080000		

Catagóir	Tuairisc Cód AC 2016	Tábla comhghaoil	
		píosai/kg	g/píosa
2 a)	Ina measc: seachas neamhthuartha nó tuartha		
	52083100 52083216 52083219 52083296 52083299 52083300 52083900 52084100 52084200 52084300 52084900 52085100 52085200 52085910 52085990 52093100 52093200 52093900 52094100 52094200 52094300 52094900 52095100 52095200 52095900 52103100 52103200 52103900 52104100 52104900 52105100 52105900 52113100 52113200 52113900 52114100 52114200 52114300 52114910 52114990 52115100 52115200 52115900 52121310 52121390 52121410 52121490 52121510 52121590 52122310 52122390 52122410 52122490 52122510 52122590 ex58110000 ex63080000		
3	Fabraicí fite as snáithíní sintéiseacha (neamhleanúnach nó dramhsnáithíní) seachas fabraicí fite caola, fabraicí caitíneacha (lena n-áirítear fabraicí gibínigh) agus fabraicí chenille		
	55121100 55121910 55121990 55122100 55122910 55122990 55129100 55129910 55129990 55131120 55131190 55131200 55131300 55131900 55132100 55132310 55132390 55132900 55133100 55133900 55134100 55134900 55141100 55141200 55141910 55141990 55142100 55142200 55142300 55142900 55143010 55143030 55143050 55143090 55144100 55144200 55144300 55144900 55151110 55151130 55151190 55151210 55151230 55151290 55151311 55151319 55151391 55151399 55151910 55151930 55151990 55152110 55152130 55152190 55152211 55152219 55152291 55152299 55152900 55159110 55159130 55159190 55159920 55159940 55159980 ex58030090 ex59050070 ex63080000		

Catagóir	Tuairisc Cód AC 2016	Tábla comhghaoil	
		píosai/kg	g/píosa
3 a)	Ina measc: seachas neamhthuartha nó tuartha		
	55121910 55121990 55122910 55122990 55129910 55129990 55132100 55132310 55132390 55132900 55133100 55133900 55134100 55134900 55142100 55142200 55142300 55142900 55143010 55143030 55143050 55143090 55144100 55144200 55144300 55144900 55151130 55151190 55151230 55151290 55151319 55151399 55151930 55151990 55152130 55152190 55152219 55152299 ex55152900 55159130 55159190 55159940 55159980 ex58030090 ex59050070 ex63080000		
GRÚPA I B			
4	Léinte, t-léinte, corna cniotála mín éadrom, geansaithe póló nó muineál turtair (seachas iad siúd as olann nó fionnadh ainmhíoch mín), léinte cnis agus a leithéid, cniotáilte nó cróiseáilte	6,48	154
	61051000 61052010 61052090 61059010 61091000 61099020 61102010 61103010	–	–
5	Geansaithe, geansaithe gan mhuinchillí, bástcótaí, geansaithe-cairdeagain phéireáilte, cairdeagain, seaicéid agus geansaithe leapa (seachas seaicéid agus bléasair), anoraic, geansaithe gailf, seaicéid choimléine agus a leithéid, cniotáilte nó cróiseáilte	4,53	221
	ex61019080 61012090 61013090 61021090 61022090 61023090 61101110 61101130 61101190 61101210 61101290 61101910 61101990 61102091 61102099 61103091 61103099	–	–

Catagóir	Tuairisc Cód AC 2016	Tábla comhghaoil	
		píosai/kg	g/píosa
6	Brístí fite d'fhir nó buachaillí, brístí gearra seachas feistis snámha agus treabhsair (lena n-áirítear triúsáin); treabhsair nó triúsáin fite do mhná nó cailíní, as olann, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine; codanna íochtaracha de chultacha reatha a bhfuil líneáil orth, seachas catagóir 16 nó 29, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine	1,76	568
	62034110 62034190 62034231 62034233 62034235 62034290 62034319 62034390 62034919 62034950 62046110 62046231 62046233 62046239 62046318 62046918 62113242 62113342 62114242 62114342	–	–
7	Blúsanna, léinte agus blúsléinte do mhná nó cailíní, bíodh siad cniotáilte nó cróiseáilte nó ná bíodh, as olann, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine	5,55	180
	61061000 61062000 61069010 62062000 62063000 62064000	–	–
8	Léinte d'fhir nó buachaillí, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte, as olann, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine	4,60	217
	ex62059080 62052000 62053000	–	–
GRÚPA II A			
9	Tuáille gibíneach agus fabraicí fite gibíneacha eile as cadás; línéadach ionlainne agus línéadach cistine, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte, as tuáille gibíneach agus fabraicí fite gibíneacha, as cadás		
	58021100 58021900 ex63026000		
20	Línéadach leapa, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte		
	63022100 63022290 63022990 63023100 63023290 63023990		

Catagóir	Tuairisc Cód AC 2016	Tábla comhghaoil	
		píosai/kg	g/píosa
22	Snáth snáithíní stáplacha nó dramhsnáithíní sintéiseacha, nach bhfuil cóirithe lena mhiondíol		
	55081010 55091100 55091200 55092100 55092200 55093100 55093200 55094100 55094200 55095100 55095200 55095300 55095900 55096100 55096200 55096900 55099100 55099200 55099900		
22 a)	Ina measc, aicrileach		
	ex55081010 55093100 55093200 55096100 55096200 55096900		
23	Snáth snáithíní stáplacha nó dramhsnáithíní saorga, nach bhfuil cóirithe lena miondíol		
	55082010 55101100 55101200 55102000 55103000 55109000		
32	Fabraicí caitíneacha fite agus fabraicí chenille (seachas tuáille gibíneach nó fabraicí gibíneacha as cadás agus fabraicí fite caola) agus dromchlaí teicstíle stothacha, as olann, as cadás nó as snáithíní teicstíle de dhéantús an duine		
	58011000 58012100 58012200 58012300 58012600 58012700 58013100 58013200 58013300 58013600 58013700 58022000 58023000		
32 a)	Ina measc: corda cadáis		
	58012200		
39	Línéadach boird, línéadach ionlainne agus línéadach cistine, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte, seachas iad siúd as tuáille gibíneach nó fabraicí gibíneacha cosúla as cadás		
	63025100 63025390 ex63025990 63029100 63029390 ex63029990		

Catagóir	Tuairisc Cód AC 2016	Tábla comhghaoil	
		píosá/kg	g/píosa
GRÚPA II B			
12	Ríteoga, stocaí, fostocaí, stocaí gearra, stocaí rúitín agus a leithéid, atá cniotáilte nó cróiseáilte, seachas iad siúd do leanbáin, lena n-áirítear stocaí d'fhéitheacha borrrha, seachas táirgí chatagóir 70	24,3 péire	41
	ex61151010 61151090 61152200 61152900 61153011 61153090 61159400 61159500 61159610 61159699 61159900	–	–
13	Fobhrístí agus mionbhrístíní d'fhir nó buachaillí, brístíní nó mionbhrístíní do mhná nó cailíní, atá cniotáilte nó cróiseáilte, as olann, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine	17	59
	61071100 61071200 61071900 61082100 61082200 61082900 ex62121010 ex96190050	–	–
14	Cótaí móra, cótaí báistí agus cótaí eile, clócaí agus cábaí, atá fite, d'fhir nó buachaillí, as cadás nó as snáithíní teicstíle de dhéantús an duine (seachas parcaí) (ó chatagóir 21)	0,72	1389
	62011100 ex62011210 ex62011290 ex62011310 ex62011390 62102000	–	–
15	Cótaí móra, cótaí báistí agus cótaí eile, clócaí agus cábaí, atá fite, do mhná nó cailíní; seaicéid agus bléasair do mhná nó cailíní, as olann, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine (seachas parcaí) (ó chatagóir 21)	0,84	1190
	62021100 ex62021210 ex62021290 ex62021310 ex62021390 62043100 62043290 62043390 62043919 62103000	–	–

Catagóir	Tuairisc Cód AC 2016	Tábla comhghaoil	
		píosai/kg	g/píosa
16	Cultacha agus ensembles d'fhir nó buachaillí, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte, as olann, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine, gan cultacha sciála a áireamh; cultacha reatha a bhfuil líneáil orthu d'fhir nó buachaillí, a bhfuil blaosc sheachtrach orthu atá déanta as aon fhabraic amháin, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine	0,80	1250
	62031100 62031200 62031910 62031930 62032280 62032380 62032918 62032930 62113231 62113331	–	–
17	Seaicéid nó bléasair d'fhir nó buachaillí, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte, as olann, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine	1,43	700
	62033100 62033290 62033390 62033919	–	–
18	Singléid agus veisteanna eile, fobhrístí, mionbhrístíní, léinte oíche, pitseámaí, fallaingeacha folctha, fallaingeacha seomra, agus baill éadaigh den chineál céanna d'fhir nó buachaillí, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte		
	62071100 62071900 62072100 62072200 62072900 62079100 62079910 62079990		
	Singléid agus veisteanna eile, fo-bhrístí, fo-ghúnaí, brístíní, mionbhrístíní, gúnaí oíche, pitseámaí, négligees, fallaingeacha folctha, fallaingeacha seomra agus baill éadaigh den chineál céanna do mhná nó cailíní, seachas iad siúd atá cniotáilte ná cróiseáilte		
	62081100 62081900 62082100 62082200 62082900 62089100 62089200 62089900 ex62121010 ex96190050		
19	Ciarsúir, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte	59	17
	62132000 ex62139000	–	–

Catagóir	Tuairisc Cód AC 2016	Tábla comhghaoil	
		píosá/kg	g/píosa
21	Parcaí; anoraic, geansaithe gailf agus a leithéid, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte, as olann, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine; codanna uachtaracha de chultacha reatha a bhfuil líneáil orthu, seachas catagóir 16 nó 29, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine	2,3	435
	ex62011210 ex62011290 ex62011310 ex62011390 62019100 62019200 62019300 ex62021210 ex62021290 ex62021310 ex62021390 62029100 62029200 62029300 62113241 62113341 62114241 62114341	–	–
24	Léinte oíche, pitseámaí, fallaingeacha folctha, fallaingeacha seomra agus baill éadaigh den chineál céanna d'fhir nó buachaillí, atá cniotáilte nó cróiseáilte	3,9	257
	61072100 61072200 61072900 61079100 ex61079900	–	–
	Gúnaí oíche, pitseámaí, négligees, fallaingeacha folctha, fallaingeacha seomra agus baill éadaigh den chineál céanna do mhná nó cailíní, atá cniotáilte nó cróiseáilte	–	–
	61083100 61083200 61083900 61089100 61089200 ex61089900	–	–
26	Gúnaí do mhná nó cailíní, as olann, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine	3,1	323
	61044100 61044200 61044300 61044400 62044100 62044200 62044300 62044400	–	–
27	Sciortaí, lena n-áirítear sciortaí roinnte, do mhná nó cailíní	2,6	385
	61045100 61045200 61045300 61045900 62045100 62045200 62045300 62045910	–	–

Catagóir	Tuairisc Cód AC 2016	Tábla comhghaoil	
		píosai/kg	g/píosa
28	Treabhsair, rabhlaeir beannóg is guailleán, brístí agus brístí gearra (seachas feisteas snámha), atá cniotáilte nó cróiseáilte, as olann, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine	1,61	620
	61034100 61034200 61034300 ex61034900 61046100 61046200 61046300 ex61046900	–	–
29	Cultacha agus ensembles do mhná nó cailíní, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte, as olann, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine, gan cultacha sciála a áireamh; cultacha reatha a bhfuil líneáil orthu do mhná nó cailíní, a bhfuil blaosc sheachtrach orthu atá déanta d'aon fhabraic amháin, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine	1,37	730
	62041100 62041200 62041300 62041910 62042100 62042280 62042380 62042918 62114231 62114331	–	–
31	Cíochbhearta, atá fite, cniotáilte nó cróiseáilte	18,2	55
	ex62121010 62121090	–	–
68	Baill éadaigh agus oiriúintí éadaigh do leanbáin, seachas lámhainní, mitíní agus miotóga do leanbáin ó chatagóir 10 agus catagóir 87, agus stocaí, stocaí gearra agus stocaí rúitín do leanbáin, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte, ó chatagóir 88		
	61119019 61112090 61113090 ex61119090 ex62099010 ex62092000 ex62093000 ex62099090 ex96190050		
73	Cultacha reatha as fabraic chniotáilte nó chróiseáilte, as olann, as cadás nó as snáithíní teicstíle de dhéantús an duine	1,67	600
	61121100 61121200 61121900	–	–

Catagóir	Tuairisc Cód AC 2016	Tábla comhghaoil	
		píosá/kg	g/píosa
76	Éadaí tionsclaíocha nó ceirde d'fhir nó buachaillí, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte		
	62032210 62032310 62032911 62033210 62033310 62033911 62034211 62034251 62034311 62034331 62034911 62034931 62113210 62113310		
	Naprúin, forléinte-rabhlaeir agus éadaí tionsclaíocha nó ceirde eile do mhná nó cailíní, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte		
	62042210 62042310 62042911 62043210 62043310 62043911 62046211 62046251 62046311 62046331 62046911 62046931 62114210 62114310		
77	Cultacha sciála, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte		
	ex62112000		
78	Baill éadaigh, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte, seachas baill éadaigh chatagóirí 6, 7, 8, 14, 15, 16, 17, 18, 21, 26, 27, 29, 68, 72, 76 agus 77		
	62034130 62034259 62034339 62034939 62046185 62046259 62046290 62046339 62046390 62046939 62046950 62104000 62105000 62113290 62113390 ex62113900 62114290 62114390 ex62114900 ex96190050		
83	Cótaí móra, seaicéid, bléasair agus baill éadaigh eile, lena n-áirítear cultacha sciála, atá cniotáilte nó cróiseáilte, seachas baill éadaigh chatagóirí 4, 5, 7, 13, 24, 26, 27, 28, 68, 69, 72, 73, 74, 75		
	ex61019020 61012010 61013010 61021010 61022010 61023010 61033100 61033200 61033300 ex61033900 61043100 61043200 61043300 ex61043900 61122000 61130090 61142000 61143000 ex61149000 ex96190050		

Catagóir	Tuairisc Cód AC 2016	Tábla comhghaoil	
		píosai/kg	g/píosa
GRÚPA III A			
33	Fabraicí fite as snáth filiméid shintéisigh a fhaightear ó stiall nó a leithéid phoileitiléine nó pholapróipiléine, atá níos lú ná 3 m ar leithead		
	54072011		
	Saic agus málaí, de chineál a úsáidtear chun earraí a phacáil, nach bhfuil cniotáilte ná cróiseáilte, a fhaightear ó stiall nó a leithéid		
	63053219 63053390		
34	Fabraicí fite as snáth filiméid shintéisigh a fhaightear ó stiall nó a leithéid phoileitiléine nó pholapróipiléine, atá 3 m ar leithead nó níos mó		
	54072019		
35	Fabraicí fite as filiméid shintéiseacha, seachas iad siúd a úsáidtear le haghaidh bonn ó chatagóir 114		
	54071000 54072090 54073000 54074100 54074200 54074300 54074400 54075100 54075200 54075300 54075400 54076110 54076130 54076150 54076190 54076910 54076990 54077100 54077200 54077300 54077400 54078100 54078200 54078300 54078400 54079100 54079200 54079300 54079400 ex58110000 ex59050070		

Catagóir	Tuairisc Cód AC 2016	Tábla comhghaoil	
		píosá/kg	g/píosa
35 a)	Ina measc: seachas neamhthuartha nó tuartha		
	ex54071000 ex54072090 ex54073000 54074200 54074300 54074400 54075200 54075300 54075400 54076130 54076150 54076190 54076990 54077200 54077300 54077400 54078200 54078300 54078400 54079200 54079300 54079400 ex58110000 ex59050070		
36	Fabraicí fite as filiméid shaorga, seachas iad siúd a úsáidtear le haghaidh bonn ó chatagóir 114		
	54081000 54082100 54082210 54082290 54082300 54082400 54083100 54083200 54083300 54083400 ex58110000 ex59050070		
36 a)	Ina measc: seachas neamhthuartha nó tuartha		
	ex54081000 54082210 54082290 54082300 54082400 54083200 54083300 54083400 ex58110000 ex59050070		
37	Fabraicí fite as snáithíní saorga stáplacha		
	55161100 55161200 55161300 55161400 55162100 55162200 55162310 55162390 55162400 55163100 55163200 55163300 55163400 55164100 55164200 55164300 55164400 55169100 55169200 55169300 55169400 ex58030090 ex59050070		
37 a)	Ina measc: seachas neamhthuartha nó tuartha		
	55161200 55161300 55161400 55162200 55162310 55162390 55162400 55163200 55163300 55163400 55164200 55164300 55164400 55169200 55169300 55169400 ex58030090 ex59050070		

Catagóir	Tuairisc Cód AC 2016	Tábla comhghaoil	
		píosá/kg	g/píosa
38 A	Fabraic shintéiseach do chuirtní atá cniotáilte nó cróiseáilte, lena n-áirítear fabraic do chuirtní eangachúla		
	60053110 60053210 60053310 60053410 60063110 60063210 60063310 60063410		
38 B	Cuirtní eangachúla, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte		
	ex63039100 ex63039290 ex63039990		
40	Cuirtní fite (lena n-áirítear fallaingí, dallóga intí, sciortaí cuirtní agus leapa agus earraí fearastaithe eile), seachas iad siúd atá cniotáilte ná cróiseáilte, as olann, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine		
	ex63039100 ex63039290 ex63039990 63041910 ex63041990 63049200 ex63049300 ex63049900		
41	Snáth as filiméid shintéiseacha (leanúnach), nach bhfuil cóirithe lena mhiondíol, seachas snáth aonair neamhuigeach gan chasnóg nó a bhfuil casnóg nach mó ná 50 casadh/m air		
	54011012 54011014 54011016 54011018 54021100 54021900 54022000 54023100 54023200 54023300 54023400 54023900 54024400 54024800 54024900 54025100 54025200 54025910 54025990 54026100 54026200 54026910 54026990 ex56049010 ex56049090		

Catagóir	Tuairisc Cód AC 2016	Tábla comhghaoil	
		píosá/kg	g/píosa
42	Snáth as snáithíní leanúnacha de dhéantús an duine, nach bhfuil cóirithe lena mhiondíol		
	54012010		
	Snáth as snáithíní saorga; snáth as filiméid shaorga, nach bhfuil cóirithe lena mhiondíol, seachas snáth aonair réoin vioscóis gan chasnóg nó a bhfuil casnóg nach mó ná 250 casadh/m air agus snáth neamhuigeach as aicéatáit cheallalóis		
	54031000 54033200 ex54033300 54033900 54034100 54034200 54034900 ex56049010		
43	Snáth as filiméid de dhéantús an duine, snáth as snáithíní stáplacha saorga, snáth cadáis, atá cóirithe lena mhiondíol		
	52042000 52071000 52079000 54011090 54012090 54060000 55082090 55113000		
46	Ollann chardáilte nó chíortha ó chaoirigh nó ó uain nó fionnadh mín ainmhíoch eile		
	51051000 51052100 51052900 51053100 51053900		
